AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.4.2020
COM(2020) 175 final

2020/0056 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena ngníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle an 15 Márta 2016 agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann maidir le ráig COVID-19

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

De dheasca phaindéim COVID-19 tá daoine ag fáil bháis ar scála nach bhfacthas riamh san Aontas Eorpach agus tá muintir na hEorpa ag fulaingt go mór mar gheall uirthi. Tá bearta eisceachtúla á nglacadh ag na Ballstáit, bearta lena gcuirtear srian le saoirsí pearsanta chun an líon básanna a theorannú agus chun leathadh an víris a shrianadh. Mar thoradh air sin, cuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, rud a fhágann go mbíonn srianta leachtachta ann agus gur chun donais a théann staid airgeadais na ngníomhaithe eacnamaíocha.

Tá córais sláinte na mBallstát faoi bhrú as cuimse mar gheall ar leathadh tapa an víris agus ar an líon ard othar a bhfuil tréimhse san ospidéal ag teastáil uathu. Ní mór do na Ballstáit uile cur leis an gcaiteachas ar a gcórais sláinte chun na riachtanais mhéadaithe a bhaineann le paindéim COVID-19 a mhaoiniú agus leanúint de sheirbhísí leighis fíor-riachtanacha a sholáthar do na hothair uile. San am céanna, caithfidh tíortha an Aontais acmhainní daonna a leithdháileadh chun soláthar tráthúil an trealaimh leighis a bhfuil géarghá leis agus na soláthairtí lena mbaineann a shainaithint, a sholáthar agus a áirithiú.

Cé nach ionann cúrsaí ó Bhallstát go chéile faoi láthair, tá cúrsaí ag athrú go pras, rud a léiríonn i ndáiríre go mbaineann sí leis an Aontas Eorpach ina iomláine agus go bhfuil gá le freagairt chomhchoiteann chomhordaithe phráinneach chun leathadh an víris a chomhrac go héifeachtach agus chun a thionchar a mhaolú a thapa is féidir. Tá gá le straitéis chomhordaithe de bhearta éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar an staid eisceachtúil seo go héifeachtach, bearta a bhfuil sé d'aidhm acu go háirithe beatha daoine a chaomhnú, fulaingt an duine a mhaolú agus dínit an duine a chosaint.

Le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus freagairt iomchuí a áirithiú tar éis na géarchéime trí na nithe seo a leanas *inter alia*:

– stoc-charnadh agus comhordú is leithne agus is tapúla a dhéanamh ar dháileadh acmhainní fíor-riachtanacha ar fud na hEorpa;

– freastal ar na riachtanais iompair a bhaineann le trealamh cosanta a allmhairiú ó pháirtithe idirnáisiúnta mar aon le hiompar laistigh den Aontas;

– othair atá i ngátar a iompar chuig ospidéil trasteorann, arb ospidéil iad a bhfuil acmhainn acu lena n-aghaidh;

– comhar trasteorann chun an brú ar chórais sláinte a mhaolú sna réigiúin is mó atá buailte san Aontas;

– soláthar agus dáileadh lárnach soláthairtí leighis fíor-riachtanacha le haghaidh ospidéil agus soláthar éigeandála trealaimh cosanta le haghaidh baill foirne na n-ospidéal, amhail análaitheoirí, aerálaithe, trealamh cosanta pearsanta, maisc in-athúsáidte, cógais, trealamh teiripeach, soláthairtí saotharlainne agus dífhabhtáin;

– acmhainn táirgeachta fhiontair an Aontais a mhéadú agus an acmhainn sin a athchóiriú chun táirgeadh agus cur in úsáid tapa trealaimh agus ábhair a bhfuil gá leis a áirithiú chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar an nganntanas soláthairtí táirgí fíor-riachtanacha agus cógas leighis fíor-riachtanach;

– saoráidí agus acmhainní cúraim a mhéadú, lena n-áirítear ospidéil mhachaire leathbhuana agus tacaíocht do shaoráidí athiompaithe;

– táirgeadh fearas tástála a mhéadú agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt chun príomhshubstaintí bunúsacha a fháil;

– borradh a chur faoi fhorbairt thapa cógas leighis agus modhanna tástála;

– soláthairtí tástála a fhorbairt, a cheannach agus a dháileadh (fearais tástála, imoibrithe, crua-earraí).

Na bearta dá bhforáiltear faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU, an Tionscnamh Infheistíochta um Fhreagairt ar an gCoróinvíreas chun Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta a shlógadh[1] agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, is ag rannchuidiú i bpáirt atá siad chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sláinte poiblí atá ann faoi láthair. Mar sin féin, mar gheall ar scála agus ar raon feidhme an dúshláin atá ann, tá gá le freagairt níos láidre atá dírithe go háirithe ar earnáil cúraim sláinte an Aontais. Sin é an chúis a bhfuil an Coimisiún ag moladh an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála a shlógadh chun bosca uirlisí níos leithne a thabhairt don Aontas i gcomhréir lena mhéad atá scála phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair.

I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart tacaíocht faoin Rialachán um Thacaíocht Éigeandála (Uimh. 2016/369) a ghníomhachtú a luaithe is féidir. A bhuí leis sin, beidh an tAontas in ann bearta a úsáid lena cuirtear cosc agus maolú ar iarmhairtí tromchúiseacha i mBallstát amháin nó níos mó agus lena dtugtar aghaidh ar na riachtanais a bhaineann le tubaiste COVID-19 ar bhealach comhordaithe, trí chúnamh a sholáthraítear le hIonstraimí eile de chuid an Aontais a chomhlánú.

Leis an Rialachán um Thacaíocht Éigeandála soláthraítear modh nithiúil chun dlúthpháirtíocht ar leibhéal an Aontais a léiriú trí ról a thabhairt do na saoránaigh agus don tsochaí shibhialta sa chomhrac in aghaidh na géarchéime. Ó thaobh an chaiteachais de, ceadaítear leis an ionstraim ról a thabhairt do ENRanna chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus údaráis réigiúnacha agus náisiúnta (e.g. earnálacha sláinte). Ó thaobh an ioncaim de, déantar foráil maidir le ranníocaíochtaí breise ó na Ballstáit chomh maith le tabhartais ó dhaoine aonair, ó fhondúireachtaí agus ó shluachistiú go fiú. Tá an Coimisiún ag féachaint leis na módúlachtaí uile a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm chun gur féidir ranníocaíochtaí agus tabhartais a bhailiú go tapa.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais seo**

Agus na breithnithe thuas á gcur san áireamh, tá an Coimisiún ag moladh an tacaíocht cúnaimh éigeandála a ghníomhachtú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán 2016/369 agus roinnt dá fhorálacha a leasú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais speisialta a bhaineann le ráig COVID-19. Go háirithe, tá an Coimisiún ag moladh na nithe seo a leanas:

– tacaíocht an Aontais a ghníomhachtú ón 1 Feabhra 2020 agus le haghaidh tréimhse dhá bhliain;

– raon feidhme na ngníomhaíochtaí incháilithe agus na gcomhpháirtithe cur chun feidhme incháilithe a leathnú i bhfianaise raon feidhme mór na mbeart a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID–19 agus raon feidhme na gcostas incháilithe a shainiú a thuilleadh;

– cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Rialacháin amhail ón 1 Feabhra 2020 ar trína bhíthin a bheidh gníomhaíochtaí ábhartha incháilithe amhail ón dáta sin d'fhonn cóir chomhionann idir na Ballstáit a áirithiú;

[1] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 maidir le bearta sonracha chun infheistíochtaí a shlógadh i gcórais chúraim sláinte na mBallstát agus in earnálacha eile dá ngeilleagair mar fhreagairt ar ráig COVID-19 [An Tionscnamh Infheistíochta um Fhreagairt ar an gCoróinvíreas], an 13 Márta 2020 COM(2020) 113 final.

– tréimhse shínithe chun gealltanais dhlíthiúla a thabhairt i gcrích le solúbthacht maidir le cur chun feidhme na tacaíochta éigeandála a áirithiú;

– an chaoi a bheith ann go mbeidh an Coimisiún in ann tacaíocht éigeandála a sholáthar do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas de dheasca phaindéim COVID-19, lena n-áirítear trí sholáthar comhpháirteach, agus trí sholáthar láraithe thar ceann na mBallstát.

An ghníomhaíocht chomhordaithe agus na bearta comhordaithe a cheadaítear faoin Rialachán atá molta, beidh siad ina gcomhlánú ar thacaíocht a sholáthraítear faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais:**

An togra lena ngníomhachtaítear an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála is cuid de phacáiste bhearta an Aontais é arb é is aidhm dó freagairt a thabhairt do phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair. Tá na bearta sin bunaithe ar chur chuige comhordaithe uaillmhianach chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá le fáil ó bhuiséad an Aontais[2], lena n-áirítear an Tionscnamh Infheistíochta um Fhreagairt ar an gCoróinvíreas, an leathnú atáthar a mholadh ar raon feidhme Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) chun éigeandálaí sláinte poiblí a chur san áireamh[3], leas a bhaint as na féidearthachtaí uile faoi ionstraimí airgeadais agus ráthaíocht bhuiséadach CEIS (Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha) chun tacaíocht infheistíochta a neartú (e.g. An Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide - COSME - agus InnovFin - Saoráid Ráthaíochta FBM faoin gclár Fís 2020).

Tá an togra seo ina chomhlánú ar na bearta uile thuasluaite.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Mar a shonraítear thuas, is imeacht tobann eisceachtúil í paindéim COVID-19, paindéim a bhfuil tionchar ollmhór suaiteach aici ar chórais airgeadais, eacnamaíocha agus cúraim sláinte na mBallstát. Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun freagairt a thabhairt, de mheon na dlúthpháirtíochta, do ghéarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, is faoin Aontas é, de réir Airteagal 122(1) CFAE na bearta agus an ghníomhaíocht chomhordaithe atá beartaithe a ghlacadh arb é is aidhm dóibh na deacrachtaí tromchúiseacha a chomhrac.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Is é prionsabal na dlúthpháirtíochta atá mar bhonn faoi ghníomhachtú na hIonstraime Tacaíochta Éigeandála chun COVID-19 a chomhrac laistigh den Aontas. Toisc gné dhomhanda a bheith ag roinnt le paindéim COVID-19, agus ar a mhéad atá a héifeachtaí eacnamaíocha agus sóisialta agus ar a mhéad brú atá ar na córais cúraim sláinte i ngach Ballstát, is fearr a bheidh an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim ar fud na mór-roinne ar bhealach iomlánach comhordaithe ná mar a bheadh na Ballstáit in ann a dhéanamh ina n-aonair.

---

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro, Freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, an 13 Márta 2020, COM(2020) 112 final

[3] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle chun cúnamh airgeadais a sholáthar do Bhallstáit agus do thíortha a bhfuil a n-aontachas leis an Aontas Eorpach á chaibidliú acu a bhfuil tionchar tromchúiseach ag mór-éigeandáil sláinte poiblí orthu, an 13 Márta 2020, COM(2020) 114 final.

Is trí ghníomhaíocht chomhordaithe de mheon na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, agus tríthi sin amháin, a áiritheofar go gcuirfear deireadh le leathadh COVID-19 go héifeachtach tapa, go ndéanfar tionchar na tubaiste a mhaolú a mhéid is féidir agus go dtabharfar aghaidh ar a hiarmhairtí chun nach dtiocfaidh sí i dtreis arís. Mar gheall ar na riachtanais phráinneacha atá ann chun acmhainní a shlógadh ar scála leordhóthanach agus chun iad a chur in úsáid i mBallstáit an Aontais ar bhonn a riachtanas, is gá don Aontas a bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit uile atá buailte ag paindéim COVID-19.

- **Comhréireacht**

Chuideodh sé chun cur leis na gníomhaíochtaí lena gcaomhnaítear beatha, sláinte agus dínit an duine agus lena gcuirtear borradh arís faoi gheilleagair na mBallstát ach an tAontas na hacmhainní uile a bhfuil gá leo chun leathadh COVID-19 a shrianadh go suntasach a shlógadh agus a úsáid. I bhfianaise iarmhairtí COVID-19 i dtaca le saoránaigh uile an Aontais de, agus earnálacha uile an gheilleagair, arb iarmhairtí iad nach bhfacthas riamh, agus mar gheall ar an ngá atá le gníomhaíocht thapa éifeachtach, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a leagtar síos san ionstraim seo a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Agus gné phaindéim COVID-19 á cur san áireamh chomh maith le raon a tionchair shóisialta, eacnamaíoch agus airgeadais, measann an Coimisiún go bhfuil sé oiriúnach gníomhú trí bhíthin rialachán a bhfuil raon feidhme ginearálta aige agus atá infheidhme láithreach agus go díreach. D'fhágfadh sin go mbeadh sásra cúnaimh airgeadais tapa, aonfhoirmeach, uile-Aontais ann.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar a phráinní a bhí sé an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh in am, níorbh fhéidir comhairliúchán le páirtithe leasmhara a dhéanamh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

- **Oiriúnacht agus simpliú rialála**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá leithdháileadh EUR 2,7 billiún á mholadh le haghaidh 2020 chun tacú le maoiniú na ngníomhaíochtaí atá beartaithe faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála athghníomhachtaithe. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar na foinsí maoiniúcháin sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a chuirtear isteach leis an togra seo agus a léirítear sa dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2020.

Féadfar maoiniú breise a sholáthar de réir éabhlóid na géarchéime agus de réir na riachtanas gaolmhar nach féidir a chumhdach le hionstraimí eile.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Ní bhaineann le hábhar.

2020/0056 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena ngníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle an 15 Márta 2016 agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann maidir le ráig COVID-19**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá COVID-19, géarchéim ar dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) a bheith ina paindéim an 11 Márta 2020, tar éis dochar nach beag a dhéanamh do shochaí agus do gheilleagar an Aontais Eorpaigh, rud a d'fhág gurbh éigean do na Ballstáit sraith de bhearta eisceachtúla a ghlacadh.

(2) Anuas ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta na paindéime, tá dianbhrú ar chórais cúraim sláinte na mBallstát mar gheall ar an ngéarchéim. Tá méadú ar an éileamh sna Ballstáit go léir ar threalamh agus ar sholáthairtí leighis, ar sheirbhísí poiblí bunriachtanacha agus ar acmhainní táirgeachta le haghaidh ábhair den sórt sin.

(3) Tá bearta tapa éagsúlaithe ag teastáil chun ligean don Aontas ina iomláine aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim de mheon na dlúthpháirtíochta faoi na srianta atá ann de dheasca scaipeadh tapa an víris. Go háirithe, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na bearta sin an bheatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chaomhnú de réir mar is gá sin de dheasca ghéarchéim reatha COVID-19.

(4) Ráig mhórscála thrasnáisiúnta is ea í ráig COVID-19 agus dá réir sin tá gá le freagairt chuimsitheach. Na bearta dá bhforáiltear faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta ("rescEU") a bhunaítear le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus ionstraimí eile atá ann cheana ón Aontas, tá siad teoranta ó thaobh scála de agus dá bhrí sin ní féidir freagairt leordhóthanach a thabhairt ná aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar iarmhairtí mórscála ghéarchéim COVID-19 laistigh den Aontas.

(5) Dá bhrí sin, is rud riachtanach é an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle a ghníomhachtú.

(6) Chun foráil a dhéanamh maidir leis an leibhéal solúbthachta is gá chun freagairt chomhordaithe fhadtréimhseach a áirithiú i gcás imthosca gan choinne faoi mar atá i gcás ghéarchéim COVID-19, e.g. soláthairtí leighis agus cógas a sholáthar, bearta téarnaimh, taighde leighis ábhartha, is gá a áirithiú gur féidir na gealltanais bhuiséadacha a dhéantar le linn na tréimhse gníomhachtaithe a úsáid chun gealltanais

[4] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

dhlíthiúla a thabhairt i gcrích le linn thréimhse iomlán na tréimhse gníomhachtaithe, gan dochar do na rialacha ginearálta airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais a leagtar síos in Airteagal 114(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Costais a thabhaítear faoi ghealltanais dhlíthiúla den sórt sin ba cheart iad a bheith incháilithe le haghaidh thréimhse iomlán a gcur chun feidhme.

(7) Chun cóir chomhionann agus cothrom na Féinne a áirithiú do gach Ballstát is gá chomh maith foráil a dhéanamh maidir le hincháilitheacht aisghníomhach costas ó dháta gníomhachtaithe na tacaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích cheana féin, ar choinníoll gur cuireadh tús leo tar éis an dáta sin.

(8) Chun cineál coimhdeach na tacaíochta éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 a chaomhnú, níor cheart tacaíocht den sórt sin ach a bheith comhlántach d'aon chúnamh a chuirfear ar fáil faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais.

(9) I gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19 is léir gur gá raon feidhme Rialachán (AE) 2016/369 a leathnú chun maoiniú a sholáthar do riachtanais phráinneacha le haghaidh trealamh leighis agus ábhair leighis a chumhdach, amhail aerálaithe riospráide agus feisteas cosanta, soláthairtí ceimiceacha le haghaidh tástálacha, na costais le haghaidh cógas, soláthairtí agus ábhair eile a fhorbairt, a tháirgeadh agus a dháileadh. Ba cheart socrú a dhéanamh chun gurbh fhéidir gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun tacú leis na céimeanna is gá chun formheas a fháil le haghaidh táirgí leighis a úsáid.

(10) Chun maolú ar an ngéarbhrú atá ar lucht saothair leighis agus ar acmhainní stáit de dheasca acmhainneacht neamhleor seirbhísí poiblí bunriachtanacha, agus chun inmharthanacht an chórais cúraim sláinte a chothabháil, ba cheart tacaíocht a thabhairt, ó thaobh airgeadais nó eagrúcháin de, d'atreisiú agus do mhalartú sealadach gairmithe leighis mar aon le cóir leighis a chur ar othair ó Bhallstáit eile.

(11) Ba cheart do ghairmithe i réimse an chúraim sláinte agus na lóistíochta oiliúint a fháil freisin i bhfianaise an chomhraic in aghaidh góchumadh soláthairtí cúraim sláinte.

(12) I bhfianaise iarmhairtí mórscála COVID-19, tá gá le rannpháirtíocht mhear chuimsitheach ó na páirtithe ábhartha go léir lena n-áirítear údaráis phoiblí, soláthraithe poiblí agus príobháideacha cúraim phríomhúil agus ospidéil agus tithe altranais, etc. Teastaíonn gníomhaíochtaí chun an brú ar an mbonneagar sláinte a mhaolú agus chun tacú le grúpaí daoine leochaileacha atá i mbaol.

(13) Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais soláthair, ba cheart tacú le hacmhainn táirgeachta le haghaidh táirgí leighis fíor-riachtanacha amhail cógas, tástálacha diagnóiseacha, soláthairtí saotharlainne, feisteas cosanta, srl. agus ba cheart maoiniú a sholáthar chun stoc de na táirgí sin a choinneáil ar bun.

(14) Ba cheart cúnamh trí bhíthin airgeadais nó eagrúcháin a thabhairt do mhodhanna tástála breise nó malartacha lena méadaítear acmhainn agus taighde leighis ábhartha.

(15) Tá deacrachtaí suntasacha dlíthiúla agus praiticiúla le sárú ag údaráis chonarthacha na mBallstát maidir le soláthairtí nó seirbhísí a cheannach i gcásanna éigeandála. Chun ligean do na húdaráis chonarthacha an tairbhe is mó is féidir a bhaint as

[5] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

acmhainneacht an mhargaidh inmheánaigh i dtéarmaí barainneacht scála agus comhroinnt riosca-tairbhe, tá sé thar a bheith tábhachtach cur leis na féidearthachtaí don Choimisiún soláthairtí nó seirbhísí a cheannach thar ceann na mBallstát. Ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún na nósanna imeachta soláthair ábhartha a dhéanamh. I gcás ina ndéanfadh údarás conarthach Bhallstáit codanna áirithe den nós imeachta, comórtas faoi chomhaontú réime a athoscailt nó conarthaí aonair a dheonú bunaithe ar chóras ceannaigh dinimiciúil cuir i gcás, bheadh an t-údarás conarthach sin freagrach as na céimeanna a dhéanfadh sé.

(16) I gcásanna éigeandála, i gcás inar gá soláthar comhpháirteach a dhéanamh idir an Coimisiún agus údarás conarthach amháin ó na Ballstáit nó níos mó, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na hacmhainní arna soláthar go comhpháirteach a cheannach, a fháil ar cíos nó a fháil ar léas ina n-iomláine.

(17) Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann soláthairtí agus seirbhísí, lena n-áirítear soláthairtí agus seirbhísí ar cíos, a cheannach, a stocáil, a athdhíol agus a dheonú do Bhallstáit nó d’eagraíochtaí comhpháirtíochta arna roghnú ag an gCoimisiún.

(18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 2016/369 a leasú dá réir.

(19) I bhfianaise na staide a bhaineann le géarchéim COVID-19, is gá don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(20) D'fhonn cóir chomhionann agus cothrom na Féinne a áirithiú do na Ballstáit go léir agus chun cumhdach a sholáthar beag beann ar an uair a tháinig ann don ráig i ngach Ballstát is gá feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Feabhra 2020,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Gníomhachtaítear leis seo tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 chun an caiteachas is gá a mhaoiniú le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 i gcomhair na tréimhse 1 Feabhra 2020 go 31 Eanáir 2022.

*Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 114(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus gan dochar don Airteagal sin, na gealltanais bhuiséadacha fhoriomlána is cúis le caiteachas i leith tacaíocht faoin Rialachán seo, cumhdófar leo costais iomlána na ngealltanas dlíthiúil comhfhreagrach a rinneadh go deireadh na tréimhse gníomhachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 1.

Beidh caiteachas incháilithe amhail ó dháta gníomhachtaithe na tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

De mhaolú ar Airteagal 193(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, féadfar deontais a dheonú le haghaidh gníomhaíocht atá curtha i gcrích cheana roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar choinníoll gur cuireadh tús leis na gníomhaíochtaí tar éis an dáta ghníomhachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 3*

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/369 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 3 agus 4:

*"Airteagal 3*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

1. Leis an tacaíocht éigeandála faoin Rialachán seo, soláthrófar freagairt éigeandála atá bunaithe ar riachtanais, freagairt a bheidh ina comhlánú ar fhreagairt na mBallstát atá buailte a bhfuil sé d'aidhm aici beatha daoine a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú, agus dínit an duine a chaomhnú cibé áit ar gá sin de dheasca tubaiste dá dtagraítear in Airteagal 1(1). Gan dochar don tréimhse ghníomhachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(1), féadfar tacaíocht a dheonú freisin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bheidh ann tar éis tubaiste nó chun nach dtiocfaidh an tubaiste i dtreis arís.

2. Féadfar a áireamh le tacaíocht éigeandála, dá dtagraítear i mír 1, aon cheann de na gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla a bheadh incháilithe do mhaoiniú ón Aontas de bhun Airteagail 2, 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/96, agus, dá bhrí sin, féadfar a áireamh leis an tacaíocht sin freisin, cúnamh, fóirithint agus i gcás inar gá, oibríochtaí cosanta chun beatha daoine a shábháil agus a chaomhnú le linn tubaistí nó go díreach dá n-éis. Féadfar an tacaíocht sin a úsáid freisin chun aon chaiteachas eile a mhaoiniú, ar caiteachas é a bhaineann go díreach le cur chun feidhme tacaíocht éigeandála faoin Rialachán seo. Go háirithe, féadfar tacaíocht a úsáid chun na gníomhaíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn 1 a mhaoiniú.

3. Gan dochar do mhír 4, déanfar tacaíocht éigeandála faoin Rialachán seo a dheonú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla bhunúsacha na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais.

4. Is é an Coimisiún nó eagraíochtaí comhpháirteacha arna roghnú ag an gCoimisiún a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2. Féadfaidh an Coimisiún go háirithe eagraíochtaí neamhrialtasacha, seirbhísí speisialaithe de chuid na mBallstát, údaráis náisiúnta agus comhlachtaí poiblí eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí a roghnú mar eagraíochtaí comhpháirtíochta agus féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí agus inar gá chun gníomhaíocht a chur chun feidhme, eagraíochtaí agus eintitis eile a bhfuil an saineolas riachtanach acu nó atá gníomhach sna hearnálacha is ábhartha maidir le fóirithint tubaistí, amhail soláthróirí seirbhísí príobháideacha, monaróirí trealamh agus eolaithe agus institiúidí taighde, féadfaidh an Coimisiún na heagraíochtaí agus na heintitis sin a roghnú mar eagraíochtaí comhpháirtíochta freisin. Le linn dó déanamh amhlaidh, leanfaidh an Coimisiún de dhlúthchomhar a dhéanamh leis an mBallstát atá buailte.

*Airteagal 4*

**Cineálacha idirghabhála airgeadais agus nósanna imeachta cur chun feidhme**

1. Déanfaidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais ón Aontas a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Go háirithe, is trí bhíthin bainistiú díreach nó bainistiú indíreach a

[6] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE)

chuirfear chun feidhme maoiniú ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta faoin Rialachán seo i gcomhréir le pointí (a) agus (c), faoi seach, d'Airteagal 62(1) den Rialachán sin.

2. Is le buiséad ginearálta an Aontais agus le ranníocaíochtaí a d'fhéadfadh na Ballstáit agus deontóirí poiblí nó príobháideacha eile a dhéanamh mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1046 a mhaoineofar tacaíocht éigeandála faoin Rialachán seo.

3. I dtaca le maoiniú ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta faoin Rialachán seo a chuirfear chun feidhme trí bhíthin bainistiú díreach, féadfaidh an Coimisiún é a dheonú go díreach gan glao ar thograí i gcomhréir le hAirteagal 195 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046. Chuige sin, féadfaidh an Coimisiún creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta a dhéanamh nó a bheith ag brath ar chreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta atá ann cheana a tugadh i gcrích de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1257/96.

4. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún oibríochtaí tacaíochta éigeandála chun feidhme trí eagraíochtaí neamhrialtasacha, measfar na critéir a bhaineann le cumas airgeadais agus oibríochtúil a bheith comhlíonta i gcás ina bhfuil creat-chomhaontú comhpháirtíochta i bhfeidhm idir an eagraíocht sin agus an Coimisiún de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1257/96.

5. Féadfar tacaíocht éigeandála faoin Rialachán seo a dheonú in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

(a) soláthar comhpháirteach leis na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 165(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 trína bhféadfaidh na Ballstáit na hacmhainní arna soláthar go comhpháirteach a fháil, a fháil ar cíos, nó a fháil ar léas ina n-iomláine;

(b) soláthar arna dhéanamh ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát de réir comhaontú idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

(c) soláthar arna dhéanamh ag an gCoimisiún mar mhórdhíoltóir trí sholáthairtí agus sheirbhísí, lena n-áirítear cíosanna, a cheannach, a stocáil agus a athdhíol nó a dheonú do na Ballstáit nó d'eagraíochtaí comhpháirtíochta arna roghnú ag an gCoimisiún.

6. I gcás nós imeachta soláthair dá dtagraítear i mír 5(b), is ceann den dá chomhlacht seo a leanas a chuirfidh i gcrích na conarthaí a leanfaidh as:

(a) an Coimisiún, rud a fhágfaidh go soláthrófar nó go seachadfar na seirbhísí nó na hearraí do na Ballstáit nó d'eagraíochtaí comhpháirtíochta arna roghnú ag an gCoimisiún;

(b) na Ballstáit rannpháirteacha, rud a fhágfaidh go bhfaighidh siad go díreach na hacmhainní a fuair an Coimisiún dóibh, nó go bhfaighidh siad ar cíos nó ar léas go díreach iad.

---

Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

7. I gcás nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear i mír 5(b) agus (c), leanfaidh an Coimisiún rialacha Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 le haghaidh a sholáthair féin."

(2) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

"1. Aon chostas díreach is gá chun na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 3 a chur chun feidhme, lena n-áirítear earraí agus seirbhísí faoi na gníomhaíochtaí sin a cheannach, a ullmhú, a bhailiú, a iompar, a stóráil agus a dháileadh, chomh maith le costais infheistíochta gníomhaíochtaí nó tionscadal a bhaineann go díreach le gnóthú chuspóirí na tacaíochta éigeandála a ghníomhachtaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar iad a chumhdach le maoiniú ón Aontas. "

2. Féadfar costais indíreacha na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta a chumhdach freisin i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. "

(3) Cuirtear an méid seo a leanas isteach, arb é atá ann Iarscríbhinn 1:

"**IARSCRÍBHINN 1**

Gníomhaíochtaí incháilithe

Féadfar na gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú i gcás paindéimí a bhfuil éifeachtaí ar mhórscála acu:

(a) an lucht saothair leighis a neartú go sealadach, gairmithe leighis a mhalartú, othair eachtrannacha a óstáil nó cineálacha eile tacaíochta frithpháirtí;

(b) saoráidí cúraim sláinte sealadacha a chur in úsáid agus saoráidí cúraim sláinte atá ann cheana a mhéadú go sealadach chun brú atá ar struchtúir atá ann cheana a mhaolú agus chun cur le hacmhainn fhoriomlán an chúraim sláinte;

(c) gníomhaíochtaí a bheidh mar thaca riartha chun tástálacha leighis a chur á ndéanamh ar mhórscála agus lena n-ullmhaítear na straitéisí agus na prótacail tástála eolaíochta is gá;

(d) saoráidí coraintín sealadacha agus bearta iomchuí eile a bhunú ag teorainneacha an Aontais;

(e) táirgí leighis a fhorbairt, a tháirgeadh, nó a cheannach agus a dháileadh;

(f) acmhainní táirgeachta le haghaidh táirgí leighis dá dtagraítear i bpointe (e) a mhéadú agus a athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais soláthair;

(g) stoc na dtáirgí leighis dá dtagraítear i bpointe (e) a chothabháil agus a dhiúscairt;

(h) gníomhaíochtaí chun tacú leis na bearta is gá chun formheas a fháil maidir le táirgí leighis dá dtagraítear i bpointe (e) a úsáid más gá;

(j) bearta lena bhforbraítear modhanna iomchuí chun rianú a dhéanamh ar fhorbairt na heipidéime agus ar thorthaí na mbeart a chuirtear chun feidhme chun aghaidh a thabhairt uirthi;

(k) trialacha cliniciúla *ad-hoc* ar theiripí féideartha nó ar dhiagnóisic fhéideartha a eagrú de réir caighdeáin maidir le trialacha arna gcomhaontú ar leibhéal an Aontais;

(l) bailíochtú eolaíoch a dhéanamh ar tháirgí leighis, lena n-áirítear modhanna tástála nua féideartha.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas."

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH


**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena ghníomhachtaítear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle an 15 Márta 2016 agus lena leasaítear a fhorálacha maidir le ráig COVID-19.

### 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[7]

Imirce agus gnóthaí baile (Teideal 18 de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, Roinn 3 an Coimisiún)

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

X Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[8]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Féadfar tacaíocht éigeandála a dheonú faoi Rialachán (AE) 2016/369 i gcás tubaiste nádúrtha, nó tubaiste de dhéanamh an duine, atá ar siúl faoi láthair nó a d'fhéadfadh a bheith ann, agus gur scála agus tionchar eisceachtúil na tubaiste sin is cúis le hiarmhairtí daonnúla troma fadréimseacha i mBallstát amháin nó níos mó, agus in imthosca eisceachtúil amháin nach bhfuil aon ionstraim leordhóthanach ar fáil do na Ballstáit agus don Aontas.

Le tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle a ghníomhachtú, ba cheart rannchuidiú go díreach le cearta bunúsacha na ndaoine sin a bhainfeadh tairbhe as na gníomhaíochtaí a fhaigheann cúnamh airgeadais mar chuid den ghníomhachtú, lena n-áirítear cosaint dhínit an duine, agus cearta chun beatha agus iomláine an duine (Airteagal 1, Airteagal 2 agus Airteagal 3 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) a chosaint.

Is é cuspóir an Rialacháin seo ón gComhairle bearta a leagan síos chun freagairt do na riachtanais dhaonnúla phráinneacha agus eisceachtúla atá ag na Ballstáit mar thoradh ar scaipeadh an ghéarshiondróim throm riospráide 2 (SARS-CoV-2) agus an ghalair ghaolmhair (COVID-19), ar shainigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) é a bheith ina éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta é agus ina phaindéim dhomhanda. Tá Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh (chomh maith le tíortha laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus an Ríocht Aontaithe) buailte ag COVID-19.

[7] ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[8] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir sonrach

Tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla phráinneacha i bhfoirm tacaíochta do na Ballstáit, cúnaimh, fóirithinte agus i gcás ina bhfuil gá leo, oibríochtaí chun beatha a chaomhnú.

Beidh an tionscnamh seo ina chomhartha nithiúil ar dhlúthpháirtíocht laistigh den Aontas.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Leis an togra seo beidh an tAontas Eorpach, laistigh dá chríoch, in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla phráinneacha shaoránaigh an Aontais agus daoine ina gcónaí ann de dheasca ráig COVID-19.

Go sonrach, beifear in ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí dírithe ar iompair trealaimh, ospidéil agus foirne leighis sealadacha a sholáthar, sain-ospidéil le haghaidh othair a bhfuil COVID-19 orthu, soláthairtí leighis (lena n-áirítear aerálaithe, trealamh cosanta pearsanta, diagnóisic, teiripic), foirne leighis aeir, iompar othar ar a bhfuil COVID-19 nó nach bhfuil.

Soláthrófar tacaíocht éigeandála i gcomhréir le bunphrionsabail dhaonnúla, eadhon daonnacht, neodracht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas.

*1.4.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

An líon daoine a bhainfidh leas as tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas Eorpach ina dhearbhuimhir agus, má bhíonn fáil air, an líon sin mar chéatadán den líon iomlán daoine a bhfuil cúnamh uathu.

An líon ospidéal sealadach, foirne leighis, foirne leighis aeir.

Méid na soláthairtí leighis a soláthrófar (ina dhearbhuimhir agus, má tá fáil air, mar chéatadán den riachtanas iomlán).

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Is é is aidhm don togra atá ann faoi láthair ionstraimí de chuid an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair a chomhlánú, agus is é sin tacaíocht éigeandála a sholáthar ar bhealach níos spriocdhírithe le haghaidh daoine laistigh den Aontas chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla phráinneacha de dheasca ráig COVID-19 sna Ballstáit. Is gá le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas Eorpach i gcás gur scála agus tionchar eisceachtúil na tubaiste sin is cúis le hiarmhairtí daonnúla troma fadréimseacha.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais*

Leis na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Ballstáit buailte ag COVID-19, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais an Aontais atá le cur ar fáil faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais, is cosúil nach féidir dul i ngleic leis na hiarmhairtí daonnúla a bhaineann leis an tsláinte phoiblí ar bhealach éifeachtach, go háirithe i bhfianaise na tréimhse inar féidir tacaíocht airgeadais an Aontais a chur ar fáil.

De bharr gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle, is iomchuí don Chomhairle an tacaíocht éigeandála faoin Rialachán i leith ráig de COVID-2019 a ghníomhachtú.

Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Maidir leis an rialachán ón gComhairle maidir le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas, ghlac an chomhairle é an 15 Márta 2016. Gníomhachtaíodh an Ionstraim um Thacaíocht Éigeandála in 2016 chun déileáil le mórphlódú na ndídeanaithe agus na n-imirceach sa Ghréig ba chúis le héigeandáil dhaonnúil.

I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle, chuir an Coimisiún meastóireacht oibriúcháin an Rialacháin faoi bhráid na Comhairle i mí Mhárta 2019. Bhí an mheastóireacht dearfach agus mar thoradh air sin coinníodh an Rialachán sin i bhfeidhm cé nár cuireadh i ngníomh é agus nár moladh aon leasú a dhéanamh air.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is gá Rialachán CAI a leasú chun an tionscnamh seo a mhaoiniú.

Lena Shásra um Chosaint Shibhialta ("Sásra an Aontais"), tá sé d'aidhm ag an Aontas an comhar idir an tAontas agus na Ballstáit a neartú agus comhordú a éascú i réimse na cosanta sibhialta chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras maidir le tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéanamh an duine a chosc, ullmhúchán a dhéanamh dóibh agus freagairt dóibh. Is féidir le Ballstáit Sásra an Aontais a ghníomhachtú i gcás tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéanamh an duine, lena n-áirítear éigeandáil ghéar sláinte laistigh den Aontas.

Tá forbairt acmhainneachtaí rescEU fós ar siúl i ndáil le sócmhainní a bhaineann go díreach leis na géarchéimeanna agus lena moltar an gníomhachtú ina leith.

Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé thar amhras go mbeadh gá le haon tacaíocht atá le deonú faoin ngníomhachtú atá beartaithe a bheith comhlántach le haon chúnamh a thairgtear tríd an Sásra, ní dócha go mbeadh aon chúnamh atá le cur ar fáil faoin Sásra ar scála chomh mór sin go bhféadfaí a mheas gur leor é chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar iarmhairtí daonnúla na ráige a bhaineann leis an tsláinte phoiblí san Aontas. Dá bhrí sin, tá na bearta faoin Sásra (Aontais) um Chosaint Shibhialta agus faoin Ionstraim um Thacaíocht Éigeandála comhlántach.

A mhéid a sholáthraíonn sí cúnamh éigeandála chun freastal ar riachtanais na ndaoine atá buailte ag tubaistí, d'fhéadfaí a mheas gur tacaíocht í an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle atá cosúil leis an gcineál cúnaimh a dheonaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil. Ní féidir Rialachán (CE) Uimh. 1247/96 ón gComhairle a úsáid ach chun oibríochtaí laistigh den Aontas a mhaoiniú, agus dá bhrí sin ní féidir é a úsáid in ionad Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle i gcás tubaistí laistigh den Aontas.

*1.5.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile*

Tá gach ath-imlonnú féideartha ídithe i gcomhthéacs reatha ráig COVID-19. De thoradh chomh mór agus atá ráig COVID-19 sna Ballstáit agus na riachtanas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann, tá údar le hionstraimí speisialta a úsáid dá bhforáiltear faoi Rialachán CAI.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

X Togra a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– beidh sé i bhfeidhm ó dháta a ghlactha go ceann tréimhse 24 mhí (‘tréimhse ghníomhachtaithe’); maidir le gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht airgeadais faoi Rialachán (AE) 2016/369 mar chuid den ghníomhachtú sin, féadfaidh tréimhse cur chun feidhme a bheith acu a chríochnóidh tar éis dheireadh na tréimhse gníomhachtaithe ar choinníoll nach gcríochnóidh aon tréimhse cur chun feidhme den sórt sin níos mó ná 24 mhí tar éis dheireadh na tréimhse gníomhachtaithe

– Tionchar airgeadais: in 2020 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2020 go 2023 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[9]

X **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– a dhéanann a ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– X eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus in Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– X comhlachtaí dlí phoiblí;

– X comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| Nóta ar bith. |
|---|

9 Is féidir teacht ar mhionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus ar thagairtí don Rialachán Airgeadais ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_ga.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Déanfar monatóireacht rialta ar ghníomhaíochtaí a fhaigheann cúnamh airgeadais faoin togra.

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta *ex post* a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Comhairle 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Déanfar an cur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí a dhéanfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta roghnaithe, lena n-áirítear Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus na Náisiúin Aontaithe agus a nGníomhaireachtaí, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Gníomhaireachtaí Speisialaithe de chuid na mBallstát trí bhainistíocht dhíreach agus indíreach. Féadfaidh eagraíochtaí eile gníomhaíochtaí áirithe a chur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí sonracha trí bhainistíocht dhíreach de réir mar is gá. Meastar gurb é an leagan amach is iomchuí chun cuspóirí na hionstraime a bhaint amach trí phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus an luach is fearr ar airgead a chur san áireamh go hiomlán.

Maidir le gníomhaíochtaí de chineál gníomhaíochtaí um chabhair dhaonnúil, cuirfear i bhfeidhm na módúlachtaí íocaíochta is infheidhme don Ionstraim um Cabhair Dhaonnúil agus don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, i modhanna díreacha agus indíreacha, mar gur cruthaíodh gur leordhóthanach iad.

*2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm*

Tá feidhm ag córas rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh chun a áirithiú go n-úsáidfear na cistí atá ar fáil faoin Sásra Aontais go cuí agus i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí.

Seo mar atá an córas atá i bhfeidhm faoi láthair:

1. An fhoireann rialaithe inmheánaigh atá laistigh den phríomhsheirbhís (an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta /AS ECHO) díríonn sí ar chomhlíonadh na nósanna imeachta riaracháin agus na reachtaíochta atá i bhfeidhm. Úsáidtear Creat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin chun na críche sin. Leanfaidh seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin a bhaineann le cuir chun feidhme na hIonstraime an Creat céanna Rialaithe.

2. Maidir leis na hiniúchtaí rialta a dhéanann iniúchóirí seachtracha ar dheontais agus ar chonarthaí, a dheonófar faoin ionstraim sin, déanfar é a ionchorprú ina iomláine i bpleananna iniúchóireachta bliantúla.

3. Meastóireacht meastóirí seachtracha ar ghníomhaíochtaí foriomlána.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Chúirt Iniúchóirí na gníomhaíochtaí arna bhfeidhmiú a iniúchadh.

Maidir le maoirseacht agus faireachán ar ghníomhaíochtaí cosúil le ghníomhaíochtaí um chabhair dhaonnúil, bainfear leas as an taithí fhairsing a fuarthas maidir le bainistíocht dhíreach agus bainistíocht indíreach araon, de thairbhe ionstraim um

chabhair dhaonnúil agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a chur chun feidhme.

*2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis*

Mar thagairt, is ionann an costas a mheastar a bheidh ar straitéis rialaithe AS ECHO agus 0.3 % de bhainistíocht indíreach ar bhuiséad 2018 agus 0.5 % de bhainistíocht dhíreach ar bhuiséad 2018. Is iad seo a leanas príomhchodanna an táscaire:

– costais iomlána foirne saineolaithe AS ECHO i mbun oibre allamuigh, mar aon le costais iomlána fhoirne na n-aonad airgeadais agus oibríochtúil arna n-iolrú faoin gcion ama measta a chuirtear i leataobh le haghaidh gníomhaíochtaí dearbhaithe, rialaithe agus faireacháin cáilíochta;

– líon iomlán na n-acmhainní in earnáil iniúchóireachta seachtraí AS ECHO atá curtha i leataobh le haghaidh iniúchtaí agus fíoruithe.

Agus costas íseal rialuithe den sórt sin á chur san áireamh, mar aon leis na sochair inchainníochtúla (ceartuithe agus aisghabhálacha) agus sochair neamh-inchainníochtúla (éifeacht dhíspreagthach agus éifeacht dearbhaithe cáilíochta rialuithe) a bhaineann leis na sochair sin, tá an Coimisiún in ann a chinneadh gur mó iad sochair inchainníochtúla agus neamh-inchainníochtúla na rialuithe ná costas teoranta na rialuithe sin.

Maidir leis na heintitis ar cuireadh an cúram orthu maidir le maoiniú ón Aontas Eorpach a chur chun feidhme faoi mhodh bainistithe indíreach, íocann an Coimisiún suas le 7 % dá gcostais incháilithe indíreacha chun maoirseacht agus bainistiú mhaoiniú an Aontais a áirithiú.

Is dearbhú ar an méid sin an ráta earráide iarmharach ilbhliantúil 0.5 % a thuairiscigh an Coimisiún in 2018 dá roinn cosanta sibhialta agus cabhrach daonnúla.

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

Mar thagairt, úsáidtear straitéis frith-chalaoise AS ECHO, i gcomhréir le straitéis frith-chalaoise an Choimisiúin, chun an méid a leanas a áirithiú:

– Tá rialuithe inmheánacha AS ECHO a bhaineann le frith-chalaois ailínithe ina n-iomláine le straitéis frith-chalaoise an Choimisiúin;

– Tá cur chuige AS ECHO maidir le bainistiú riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus ar fhreagairtí leordhóthanacha a shainaithint.

De dhroim na gcóras a úsáidtear chun cistí ón Aontas a chaitheamh i dtríú tíortha is féidir sonraí ábhartha a aisghabháil chun iad a chur isteach sa bhainistiú riosca calaoise (e.g. chun maoiniú dúbailte a bhrath).

Más gá, bunófar grúpaí líonraithe agus uirlisí TF leormhaithe a cheapfar chun anailís a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann leis an earnáil.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Type of caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[10]. | ó thíortha de chuid CSTE[11] | ó thíortha is iarrthóirí[12] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 18 01 04 05 Caiteachas tacaíochta le haghaidh tacaíocht éigeandála san Aontas | LN. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 3 | 18 07 01 Ionstraim tacaíochta éigeandála san Aontas | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Níl aon líne nua buiséid á iarraidh

10 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
11 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
12 Tíortha is iarrthóirí agus, is gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 3 | Slándáil agus Saoránacht |

| AS: ECHO | | | Year **2020** | Year **2021** | Year **2022** | Year **2023** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| 18 07 01 | Gealltanais | (1) | 2 646,000 | - | - | - | **2 646,000** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 1 326,000 | 790,000 | 265,000 | 265,000 | **2 646,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[13] | | | | | | | |
| 18 01 04 05 | | (3) | 54,000 | - | **-** | **-** | **54,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe Le haghaidh AS ECHO** | Gealltanais | =1+1a +3 | 2 700,000 | - | **-** | **-** | **2 700,000** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 1 380,000 | 790,000 | 265,000 | 265,000 | **2 700,000** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 2 646,000 | - | - | - | **2 646,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 1 326,000 | 790,000 | 265,000 | 265,000 | **2 646,000** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 54,000 | - | **-** | **-** | **54,000** |

13 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin mar thaca le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 3** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | **2 700,000** | **-** | **-** | **-** | **2 700,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | **1 380,000** | **790,000** | **265,000** | **265,000** | **2 700,000** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Year **2020** | Year **2021** | Year **2022** | Year **2023** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| an Coimisiún | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 2,700 | 2,700 | 1,550 | 1,150 | **8,100** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | - | - | - | - | - |
| **IOMLÁN an Choimisiúin** | Leithreasuithe | 2,700 | 2,700 | 1,550 | 1,150 | **8,100** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **2,700** | **2,700** | **1,550** | **1,150** | **8,100** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Year **2020** | Year **2021** | Year **2022** | Year **2023** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | **2 702,700** | **2,700** | **1,550** | **1,150** | **2 708,100** |
| | Íocaíochtaí | **1 382,700** | **792,700** | **266,550** | **266,150** | **2 708,100** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩ | | Year **2020** | | Year **2021** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | |
| | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH[14]: | | | | | | | |
| Trealamh a iompar | 1 | 80 | 80 | 20 | 20 | 100 | 100 |
| Ospidéil shealadacha agus foirne leighis | 10 | 9,6 | 96 | 2,4 | 24 | 12 | 120 |
| Sain-oispidéil le haghaidh COVID | 100 | 8 | 800 | 2 | 200 | 10 | 1 000 |
| Soláthairtí leighis (aerálaithe) | 0,018 | 14 000 | 252 | 3 500 | 63 | 17 500 | 315 |
| Soláthairtí leighis (eile) | 0,002 | 428 000 | 856 | 107 000 | 214 | 535 000 | 1 070 |
| Foirne leighis aeir | 0,04 | 800 | 32 | 200 | 8 | 1 000 | 40 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | 442 898 | 2 116 | 110 724 | 529 | 553 622 | 2 645 |
| **IOMLÁN** | | 442 898 | 2 116 | 110 724 | 529 | **553 622** | **2 645** |

14 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Year **2020** | Year **2021** | Year **2022** | Year **2023** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| **HEADING 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 2,700 | 2,700 | 1,550 | 1,150 | **8,100** |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | |
| **Subtotal HEADING 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 2,700 | 2,700 | 1,550 | 1,150 | **8,100** |
| **Outside HEADING 5[15] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | |
| Other expenditure de chineál riaracháin | 54,000 | - | - | - | **54,000** |
| **Subtotal lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 of the multiannual financial framework** | | | | | |
| **IOMLÁN** | **56,700** | **2,700** | **1,550** | **1,150** | **62,100** |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

15 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin mar thaca le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Year **2020** | Year **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 10 | 10 | 5 | 5 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | |
| XX 01 05 01/11/21 (Taighde indíreach) | | | | | |
| 10 01 05 01/11 (Taighde díreach) | | | | | |
| **Foireann sheachtrach ((in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: FTE)**[16] | | | | | |
| XX 01 02 01 (AC, END, INT ón "imchlúdach iomlánaíoch") | | 15 | 15 | 10 | 5 |
| XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [17] | - sa cheanncheathrú | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | |
| **XX** 01 05 02/12/22 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | |
| 10 01 05 02/12 (AC, END, INT – Taighde díreach) | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **25** | **25** | **15** | **10** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

16 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

17 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

– X Ceanglaítear faoin togra/tionscnamh corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta úsáid nó an creat airgeadais ilbhliantúil a athscrúdú.

| |
|---|
| Ós rud é nach bhfuil corrlaigh ann agus nach féidir iad a ath-imlonnú faoi cheannteideal 3 den CAI, molann an Coimisiún an méid seo a leanas i gcomhthráth leis an tionscnamh seo:<br>• rialachán CAI a leasú chun deireadh a chur leis na srianta ar raon feidhme an Chorrlaigh Fhoriomlán le haghaidh Gealltanais agus chun an méid atá fágtha a úsáid faoin ionstraim le haghaidh an tionscnaimh seo (i ndréachtbhuiséad leasaitheach Uimh.°2/2020);<br>• an méid atá fágtha den Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh;<br>• Corrlach Teagmhais an chomhardaithe a shlógadh. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– X Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú ó thríú páirtithe[18].

– ☐ Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Year **N** | Year **N+1** | Year **N+2** | Year **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[18] Foráiltear le Airteagal 4(2) de Rialachán 2016/369 ón gComhairle go bhféadfaidh deontóirí poiblí nó príobháideacha rannchuidiú leis an Ionstraim um Thacaíocht Éigeandála. Má bhíonn ranníocaíochtaí den sórt sin ar fáil, beidh siad ina n-ioncam sannta seachtrach i gcomhréir leis an bhforáil sin agus le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

– X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam ilghnéitheach